V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11228 — BENTELER / BEIJING AUTOMOTIVE / JVs)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 277/02)

1. An 31 Iúil 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Benteler Automotive (China) Investment Limited ('Benteler', an tSín),

— Beijing Hainachuan Automotive Parts Co., Ltd ('BHAP', an tSín).

Gheobhaidh Benteler agus BHAP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Benteler Hainachuan Automotive (Beijing) Co., Ltd. (Comhfhiontar Monaraíochta, 'MJV'), agus ar Beijing Hainachuan Benteler Automotive Co., Ltd. (Comhfhiontar Díolacháin, 'SJV') (dá ngairtear 'comhfhiontair' go comhpháirteach).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachtaí nuachruthaithe ar comhfhiontair iad.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Benteler, fochuideachta ar lánúinéireacht chuideachta na hOstaire Benteler International AG, gníomhach den chuid is mó i soláthar comhpháirteanna agus modúl do chustaiméirí mótarfheithiclí i réimsí an fhonnaidh, na cabhlach, an innill agus na sceithchóras,

— Tá BHAP, fochuideachta de chuid BAIC Group na Síne atá faoi úinéireacht an stáit, gníomhach in earnáil na mótarfheithiclí sna réimsí a leanas: soláthar suíochán gluaisteán, feisteas inmheánach agus seachtrach, córas gléasra cumhachta, córas fonnaidh, córas cabhlach, earraí leictreonaice agus comhpháirteanna eile.

3. Is iad na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag Benteler Hainachuan Automotive (Beijing) Co., Ltd. agus Beijing Hainachuan Benteler Automotive Co., Ltd. cóimeáil modúl fonnaidh réamhroghnaithe ag custaiméir sa tSín ag an MJV, agus díol na modúl fonnaidh sin do chustaiméirí sa tSín ag an SJV .

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11228 — BENTELER / BEIJING AUTOMOTIVE / JVs

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.